



# Polasaí Obair Bhaile Ghaelscoil Bhaile Brigín.

## Teideal

Polasaí Ghaelscoil Bhaile Brigín ar Obair Bhaile

## Ráiteas Tosaigh

Rinneadh athbhreithniú ar pholasaí na scoile maidir le hObair Bhaile le linn na scoilbhliana 2016-17. Rinneadh plé ag leibhéal na foirne ag cruinnithe foirne ó Mheán Fomhair go dtí An Chásc. Rinneadh comhairleachán chomh maith le Coiste na dTuistí. Cuireadh é ós chomhair an bhoird agus pléadh ansin é chomh maith. Rinneadh roinnt plé chomh maith leis na daltaí sna hádranganna maidir lena dtuairim ó thaobh Obair Bhaile.

## Réasúnaíocht

Tá sé riachtanach polasaí i leith obair bhaile a chumadh ag an bpointe seo:

- *Chun cumarsáid dearfach baile/scoile a chur chun cinn.*
- *Léirigh múinteoirí imní maidir le hobair bhaile.*
- *Léirigh aiseolas tuismitheora ag cruinnithe tuismitheoirí is múinteoirí go raibh fadhbanna maidir leis an méid obair bhaile a thugtar is leis an méid ama a chaitheann daltaí ar an obair bhaile.*
- *Toisc go leor ama a bheith caite ag an bhfoireann ag plé na ceiste seo agus taighde déanta, a léiríonn nach bhfuil an oiread tionchair ag an obair bhaile ar pháistí níos óige*
- *Creidtear go bhfuil lá fada déanta ag na páistí ar scoil agus faoin am go dtagann an tráthnóna, go minic nach mbíonn sé d'fhéadearthach ag páistí a n-aird ar fad a thabhairt*
- *Aithníonn an fhoireann an tábhacht a bhaineann leis an spraoi i saol an pháiste agus gur obair é an spraoi don pháiste. Chuige sin, go mb'fhearr am a chaitheamh i dtreo sin*
- *Aithnítear sna seomraí ranga an oiread ama a chaitear ar obair bhaile agus ceistítear go láidir arbh fhiú an t-am seo a chur i dtreo obair níos fiúntaí*
- *Leis an obair bhaile san fhoirm reatha, nach mbeadh sé indéanta obair bhaile idirdhealaithe a chur ar fáil do gach páiste, in ainneoin go léiríonn an taighde seo sin an bealach chun obair bhaile fiúntach a chur ar fáil*
- *Is féidir leis an obair bhaile san fhoirm reatha drochthionchar a imirt ar an gcaidreamh ranga*
- *Creidtear nach bhfuil sé, san fhoirm reatha, ag déanamh treisithe ar na scileanna cearta*
- *Tuairiscítear, san fhoirm reatha, go gcuireann sé isteach ar an am clainne agus go gcruthaíonn sé strus sa bhaile*
- *Aithnítear áfach chomh maith gur gá na páistí a ullmhú don mheánscoil agus chuige sin gur gá obair bhaile scríofa a sholáthar ag leibhéal rang 5&6*

## Gaol le spiorad tréitheach na scoile

- *Aithníonn an scoil an ról atá aici a bheith ag tacú leis an mbaile*
- *Iarrann Gaelscoil Bhaile Brigín go mbeidh sé ar chumas gach páiste forbairt de réir a acmhainne / a hacmhainne féin. Bheifí ag súil le go spreagfadh an cur chuige beartaithe i dtaobh obair bhaile daltaí agus clanna le bheith gníomhach i dtreisiú na scileanna atá foghlamtha ar scoil i mbealach gníomhach, taitneamhach sa bhaile.*

- *Creidtear go dtugann an cur chuige seo deis do na tuismitheoirí ionchur fiuntach a bheith acu ar fhoghlam a bpáistí.*
- *Creidtear leis go gcabhródh an cur chuige seo leis an ngaol idir baile agus an scoil a láidriú tríd deiseanna a chothú gur féidir spéis san oideachas a spreagadh, rud nach bhfuil ag éirí linn déanamh sa chur chuige reatha. Tríd béim a bheith ar an léitheoireacht samhlaítear go mbeadh deis ag tuismitheoirí ionchur fiuntach a bheith acu ar fhoghlaim na bpáistí.*
- *Creideann an scoil go láidir sa tábhacht a bhaineann leis an spraoi agus an idirghníomhú le daoine eile. Creideann muid gur chun tairbhe na bpáistí é gan a bheith i mbun obair bhaile nuair a d'fhéadfaidís a bheith amuigh agus ag foghlaim scileanna tríd an spraoi, an iniúchadh, an idirghabhálaíocht le páistí eile agus ag forbairt na spéiseanna agus na scileanna atá acu.*
- *Tríd plean tacaíochta a chur le chéile bheifí ag súil go bhféadfaí aidhmeanna an churaclaim a threisiú gan obair bhaile traidisiúnta a thabhairt amach*
- *Aithnítear an gá le scoláirí a ullmhú chuig an meánscoil agus an gá maidir le scileanna staidéir a chur chun cinn agus chuige sin, tabharfar obair bhaile scríofa ag leibhéal R5&6*
- 

## Aidhmeanna

- Deis chaomhnaithe a thabhairt do pháistí a scileanna leitheoireachta, litrithe agus mata mheabhraigh a fhorbairt ó leibhéal na naíonán suas gan brú le hobair bhaile scríofa a bheith ann
- Spéis sa leitheoireachta chothú
- Scileanna agus féin-smacht a fhorbairt mar thairbhe d'fhoghlaim daltaí
- An obair a dhéantar sa rang a dhaingniú trí mholtaí a chur abhaile de rudaí taitneamhacha gur féidir déanamh le chéile sa bhaile a fheileann don chlann
- Scileanna staidéir a fhorbairt chun cabhrú le nósanna cuí a thabhairt do pháistí agus iad ag gabháil don obair bhaile scríofa ag leibhéal na n-ardranganna
- Cur chuige comhchosúil a chur chun cinn maidir le hobair bhaile na ranganna uile
- Na ceangail idir an baile agus an scoil a threisiú

## Treoirínite (ábhar an pholasaí)

Tuigimid, mar scoil an gá le cumarsáid oscailte a bheith idir an scoil agus an baile agus aithnítear an ról atá ag an obair bhaile i gcur chun cinn na cumarsáide sin. Chuige sin, is gá a chinntiú go bhfuil eolas roinnte ar bhonn leanúnach maidir leis an obair atá ar siúl sa rang.

Chuige sin, tabharfar foramharc ag tús na míosa ar obair an tréimshe sin agus tabharfar samplaí de ghníomhaíochtaí go bhféadfaí déanamh chun treisiú a dhéanamh ar na coincheapa msh tomhais sa mhata – bacáil, scileanna mínlúálacha sna naí – obair le siosúir/márta, cuairt chuig an leabharlann, An Fomhar – siulóid le duilleoga a bhailiú, scileanna sóisialta – cluichí boird, má tá ábhar faoi leith á phlé sa rang, comhrá a bheith faoi sa bhaile / scileanna smaointéireacht chriticiúil – samplaí de rúin a chur abhaile srl

Ag dáileadh Obair Bhaile:

- Beidh obair bhaile ag gach rang ag tosú leis na Naíonáin Bheaga. Is obair bhaile ó bhéal é seo – áirítear leitheidreacht, litirú agus táblaí san obair bhaile seo.
- Ní bheidh aon obair bhaile scríofa ag daltaí go dtí go bhfuil siad i Rang 5.
- Cuirtear moltaí abhaile de rudaí gur féidir déanamh sa bhaile chun treisiú a dhéanamh ar na coincheapa atá á dhéanamh ar scoil, ach is moltaí iad seo agus is faoin gclann atá sé.
- Cuirfear an obair bhaile scríofa (ag leibhéal rang 5/6) in oiriúint do riachtanais na bpáistí faoi dhiscréid an mhúinteora. Tabharfaidh an múinteoir ranga an obair bhaile, ach leitheidreacht/litriú ón múinteoir tacaíochta.
- Féachtar ar an obair bhaile mar threisiú ar an obair a dhéantar sa seomra ranga. Déantar an obair bhaile a mhíniú go soiléir do na daltaí roimh ré. Bíonn obair bhaile gach lá seachas dé hAoine.

Tá treoirilínte ginearálta ann ó thaobh cúrsaí ama.

Naí Bheaga – suas go 20 nmd

Naí Mhóra – suas go 20mnd

Rang 1: 20 nmd

Rang 2: 20 nmd

Rang 3: 20 nmd

Rang 4: 20 nmd

Rang 5: 30-40 nmd

Rang 6: 30-40nmd

*Is treoir é seo – seo an treoir atá ann dóibh atá ag obair go sonrath le linn an ama seo.*

- Ní thabharfar obair bhaile bhreise mar phíonós ach amháin i gcás eisiceachtúil (sárú riail mór, ach i gcomhpháirt leis an bpolasaí iompair, ag cloí leis na céimeanna). I gcás obair nach bhfuil críochnaithe de bharr pleidhcíochta, is féidir go mbeadh orthú seo a chríochnú sa bhaile.

## Dialann Oibre Bhaile:

- Dialann Obair Bhaile ó Rang 1 ar aghaidh. Sineofadh tuistí é agus cuirfidh líon ama leis. Is aontú é seo go bhfuil an Obair Bhaile seiceáilte acu agus go bhfuil sé ar chaighdeán sásúil. Tabharfaidh líon an ama a thóg sé leargás don mhúinteoir ó thaobh oiriúntacht na hoibre seo.
- Déanfaí seiceáil rialta ar na dialann seo.
- Táthar ag súil le gcoinneofaí na dialanna seo go néata.
- **Obair bhaile a cheartú:**
- Ceartófar an obair bhaile.
- tabharfar aitheantas ó bhéal maidir le hiarrachtaí chomh maith le gnóthachtáil agus d'fhéadfaí duaiseanna a thabhairt faoi dhiscréid an mhúinteora.
- Déanfar nóta de sa dialann obair bhaile agus is gá don tuiste é a shiniú sa chás nach bhfuil obair bhaile déanta. Sa chás seo, ba choir don tuiste an mhúinteoir a chur ar an eolas. I

gcás nach bhfuil aon nóta ann, is gá é a dhéanamh an chéad oíche eile. I gcás gan obair bhaile a bheith déanta ar bhonn rialta, leanfar an cód iompair ie Am Órga, cruinniú le tuismitheoirí.

- Coinnítear taifead de dhaltáí a dteipeann orthu, ar bhonn rialta, obair bhaile a dhéanamh nó a fhágann sa mbaile é. Rachaidh nóta sa dialann agus coinneofar taifead sa fillteán.

### Daltaí:

- Tá an scoil ag súil le go ndéanfaidh gach páiste a (h)obair bhaile gach oíche agus ar chaighdeán sásúil.
- Ba choir do gach dalta iarracht a (h)obair a dhéanamh le treoir ón tuiste, ach nuair atá fadhb ann, ba choir don tuismitheoir an múinteoir a chur ar an eolas. Níor choir do thuiste an obair a dhéanamh don pháiste – b'fhéarr an múinteoir a chur ar an eolas ionas gur féidir tabhairt faoi ar scoil arís.
  - Pléann an múinteoir an obair ar bhonn rialta lena rang, le cinntiú go bhfuil gach gné de ceart go leor

### Tuismitheoirí/Caomhnóirí:

Rinneadh plé le Coiste na dTuistí maidir leis an bpolasaí seo.

- bíonn tuismitheoirí eolach maidir leis na nósanna imeachta comhaontaithe maidir le hobair bhaile, tríd an Nuachtlitir agus an polasaí seo a bheith curtha abhaile.
- Lorgófar ionchur ó thuismitheoirí tar éis tréimshe den pholasaí seo ar a thionchar
- Tá tacaíocht na dtuismitheoirí rí-thábhachtach i gcur chun cinn na foghlama i measc na bpáistí agus chuige sin moltar go láidir do thuismitheoirí suíomh spreagúil a chruthú gach lá chun an leitheoireacht, litriú agus mata meabhrach a chur chun cinn.

#### **Nodanna do thuistí:**

- Moltar go ndéanfaí an obair bhaile luath seachas déanach sa tráthnóna
- Áit chiúin a bheith curtha ar fáil – gan teilifís a bheith ar siúl/distractions a bheith ann
- Toisc gurb iad leitheoireacht, táblaí agus litriú an obair bhaile anois go dtí Rang 4, iarraimís ar thuistí a chinntiú go gcaitear am ag diriú ar na scileanna seo a fhorbairt sa bhaile.
- Tá moltaí ar shuíomh na scoile maidir le gníomhaíochtaí gur féidir déanamh sa bhaile chun treisiú a dhéanamh ar na coincheapa atá á dhéanamh sa bhaile. Moltar breathnú orthu ó am go chéile agus cinn, nó a mhachasamhail a dhéanamh mar chlann.
- Gan an obair bhaile a dhéanamh, ach teoir agus cabhair a thabhairt nuair is gá msh cabhrú leis peannaireacht/gramadach/mataí/litriú/leitheoireacht (Rang 5/6)
- Má tá deacracht ag an bpáiste, sosanna beaga a thabhairt
- Má tá deacracht ag an bpáiste le gné éigin den obair, is fiú go mór é a phlé leis an múinteoir
- Ó thaobh na Gaeilge de, déan do dhícheall, ach tuigeann muid nach í an Ghaeilge teanga an bhaile, go hiondúil. Bealaí: foclóir a bheith acu/cuirfear liosta de frásaí a thagann suas rialta.
- Moltar do thuismitheoirí go mbeadh “Trealamh tarrthála Obair Bhaile” acu sa bhaile - m.sh. Pinn luaidhe, ruibéir, rialóirí, leabhair táblaí. Cóipleabhar nó páipéar (Rang 5/6)
-

## Critéir Rathúlachta

roinnt táscairí praiticiúla maidir le rathúlacht an pholasáí

- Aiseolas ó mhúinteoirí, ó dhaltaí agus ó thuismitheoirí
- Cleachtaí sásúla obair bhaile agus cleachtaí á thabhairt isteach ag daltaí

## Feidhmeanna agus Freagracht

Beidh freagrachtaí sonracha orthu siúd a leanas do ghnéithe den bheartas. m.sh.

\* Múinteoir ranga – dáileadh, míniú agus ceartú obair bhaile, samplaí de mholtaí a chur ar fáil do shuíomh idirlíon na scoile.

\*Dalta – déanamh an obair bhaile ar bhonn sásúil

\*Príomhoide – cinntiú go bhfuil an polasáí á chur i bhfeidhm agus go bhfuiltear ag cloí leis

\*Tuismitheoir/Caomhnóir \* - cabhrú sa bhaile leis/dialann a shiniú go laethúil/plé leis an múinteoir i gcás deacrachtaí/

## Dáta Cur i bhFeidhm

### Tráthchlár le hAthbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar na nósanna imeachta nua seo ar bhonn 4 bliana.

## Daingniú agus Cumarsáid

Cuireadh an polasáí seo ós chomhair an bhoird le daingniú ag cruinniú Boird 27/4/2009. Cuireadh i bhfeidhm é ar an 11/5/09. Scaipeadh é ar phobal na scoile leis an Nuachtlitir agus míníodh é do na daltaí ag an Tionól Seachtainiúil.

Rinneadh an polasáí a athbhreithniú le linn 2016-17 agus rinneadh é a dhaingniú ag Cruinniú Boird mhí Bhealtaine. Aontaíodh go ndéanfaí é a mheas i gcomhthéacs an chur chuige nua ag deireadh 2018.

Scaipeadh na leasaithe tríd an Nuachtlitir agus pléadh é leis na npáistí.

Siniú an Chathaoirligh: \_\_\_\_\_

Dáta \_\_\_\_\_

# Aguisín 1

## Ceistneoir Obair Bhaile do Thuismitheoirí

Céard iad na tairbhí atá ann do do leanbh as a c(h)uid obair bhaile a dhéanamh?

---

---

---

Cén fhad a thógann sé ar do leanbh a c(h)uid obair bhaile a dhéanamh?

---

---

---

An dtugann tú cúnamh do do leanbh lena c(h)uid obair bhaile? Má thugann, céard iad na réimsí ina dtugann tú cúnamh dó/di?

---

---

---

An gceapann tú gur cheart obair bhaile a thabhairt ag an deireadh seachtaine?

---

---

---

Cén fhad a cheapann tú gur cheart do leanbh dá (h)aois a chaitheamh ag déanamh a c(h)uid obair bhaile?

---

---

---

An bhfuil aon athrú ba mhaith leat a fheiceáil i ndáil le hobair bhaile do linbh?

---

---

---

Barúlacha eile

---

---

---

Go raibh maith agat as an t-am a thógáil chun an ceistneoir seo a chomhlánú. Pléifear le gach freagra go rúnda.

## Aguisín 2

Ceistneoir Obair Bhaile do Dhaltaí

Cén fáth a bhfaigheann tú obair bhaile?

---

---

---

Cén fhad a thógann sé ort d'obair bhaile a dhéanamh?

---

---

---

An bhfaigheann tú cúnamh le d'obair bhaile?

---

---

---

Cén sórt obair bhaile is fearr leat?

---

---

---

Céard é an chuid is deacra de d'obair bhaile?

---

---

---

Céard a d'athrófa faoi d'obair bhaile?

---

---

---